

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Brioscaí Réaltaí

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Spás' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois

Déan na réaltaí seo sa bhaile. Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr a sheoladh chuig: eolas@tuismitheoiri.ie

Roghnófar buaiteoir ar an 15 Bealtaine mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Deis ar dhearbhan €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

### Comhábhair

150g im  
75g siúcra mín  
2 spúnóg bheag úisc fanaile  
300g plúr  
1 ubh  
150g seacláid bhán

### Modh

1. Téigh an t-oigheann go 180 céim C. Cuir párfháipéar ar dhá thráidire bÁCála.
2. Buail an t-im, an siúcra agus an fanaile i mbabhla go dtí go mbeidh an meascán bánbhuí nó éadrom i ndath.
3. Cuir isteach an ubh agus measc arís. Ansin cuir an plúr isteach de réir a chéile go dtí go mbeidh an taos bog. Clúdaigh le scannán cumhdaithe agus fág sa chuisneoir ar feadh 30 nóiméad.
4. Cuir gréisc ar thráidire bÁCála. Croith ruainne plúir ar chlar nó ar bhord agus spréigh amach an taos (tiús 5mm). Gearr amach 40 réalt. Cuir isteach ar thráidire bÁCála iad agus cuir san oigheann ar feadh 15 nóiméad go dtí go mbeidh dath órga orthu. Tóg as an oigheann iad agus lig dóibh fuarú ar raca sreinge.
5. Leáigh an tseacláid bhán agus doirt go cúramach ar na réaltaí é le hiad a mhaisiú.
6. Bain sásamh as do shaothar!

'TIOCFAIMID  
SLÁN'

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta